Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11723/23**
**ADD 2**

**STATIS 47**
**ECOFIN 765**
**CODEC 1347**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 241 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR […] a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 241 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 241 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
SWD(2023) 241 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach**

{COM(2023) 402 final} - {SEC(2023) 269 final} - {SWD(2023) 240 final}

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Is í an fhadhb nach bhfuil an staidreamh Eorpach tráthúil go leor ná minic go leor, agus níl siad mionsonraithe go leor ná éifeachtúil go leor ó thaobh costais de ach an oiread. Ní dhéanann na húdaráis staidrimh foinsí nua nuálacha sonraí atá ag teacht chun cinn mar fhotháirgí seirbhísí digiteacha a athúsáid go hinbhuanaithe. Níl an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) freagrúil a dhóthain do riachtanais phráinneacha faisnéise le linn géarchéimeanna.

Is fadhb í sin ar leibhéal an Aontais toisc nach dtugtar an sainordú le creat dlí an Aontais chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is í an chuspóir ghinearálta a chinntiú go bhfuil an Staidreamh Eorpach níos cothroime le dáta, níos mionsonraithe agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de, agus go gcuirtear ar fáil é ar bhonn níos minice. Ba cheart dóibh a bheith níos freagrúla freisin d’éilimh phráinneacha ar fhaisnéis le linn géarchéime.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Is é an breisluach a bhaineann le gníomhú ar leibhéal an Aontais go príomha ná go bhfuil gá leis na staidreamh sin chun obair an Aontais ina réimsí beartais éagsúla a threorú, go háirithe tosaíochtaí polaitiúla amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, fás eacnamaíoch, agus úsáid mhéadaithe teicneolaíochtaí digiteacha.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais:

**0** – an rogha bhonnlíne, nach mbeadh athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ag gabháil léi

**1** – athbhreithniú spriocdhírithe ar an rialachán atá dírithe ar dheimhneacht dhlíthiúil a thabhairt isteach agus ar sealbhóirí sonraí agus do CSE araon a chumasú leas a bhaint as deiseanna a thairgeann an teicneolaíocht dhigiteach, le huirlisí leordhóthanacha a chuireann ar a gcumas freagairt go tapa agus ar bhealach comhordaithe d’éilimh phráinneacha úsáideoirí le linn géarchéime

**2** – athbhreithniú ar an rialachán, rud a bheadh níos uaillmhianaí ó thaobh oibleagáidí a fhorchur ar shealbhóirí sonraí agus ar na húdaráis staidrimh náisiúnta i dtíortha AE.

Is í rogha 1 an rogha thosaíochta.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

**Tá úsáideoirí agus táirgeoirí an Staidrimh Eorpaigh** go mór i bhfabhar na rogha tosaíochta.

Tá an **pobal i gcoitinne** i bhfabhar na rogha tosaíochta freisin, ar choinníoll go bhfuil cosaintí láidre ann chun rúndacht a áirithiú.

Is mór ag **gnólachtaí** na tairbhí ó thaobh rochtain a fháil ar an staidreamh mionsonraithe is deireanaí a sholáthródh an rogha thosaíochta, ach mar shealbhóirí sonraí d’fhéadfaidís costais a thabhú.

D’fháiltídís roimh an rogha tosaíochta, ar choinníoll go n-aimsítear réiteach cóir maidir le cúiteamh costais.

Is mór ag gach duine an laghdú a d’fhéadfadh teacht ar an ualach ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh trí úsáid foinsí nua sonraí a chur in ionad suirbhéanna.

**C. Tionchair na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann dóibh, cad iad na príomhchostais)?**

Áirítear an méid seo **a leanas ar na buntáistí díreacha**:

- méadú ar mhéid, ar thráthúlacht agus ar cháilíocht an staidrimh
- laghdú ar an ualach freagartha mar thoradh ar shuirbhéanna
- faisnéis chaighdeánaithe ábhartha a bheith ar fáil i bhfad níos gasta le linn géarchéime.

Áirítear an méid seo **a leanas ar na buntáistí indíreacha**:

- cinntí beartais níos fearr, go háirithe le linn géarchéime
- cinntí níos eolasaí ag gnólachtaí
- gnóthachain shuntasacha éifeachtúlachta don CSE

Meastar gurb ionann na buntáistí díreacha agus EUR 1.5 billiún in aghaidh na bliana, agus d’fhabhródh EUR 577 milliún díobh sin do ghnólachtaí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann dóibh, cad iad na príomhchostais)?**

Meastar gurb ionann na costais dhíreacha agus EUR 757 milliún in aghaidh na bliana, agus bheadh ar ghnólachtaí EUR 196 milliún díobh sin a sheasamh.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Baineann coigilteas mór le foinsí nua sonraí a chur in ionad suirbhéanna nó lena méid a laghdú, rud a laghdódh an t-ualach ar ghnólachtaí. Rachaidh sé sin chun tairbhe do FBManna go háirithe. Díolmhófar micrifhiontair agus gnólachtaí beaga ó chomhroinnt shainordaitheach sonraí.

Neartófar an t-iomaíochas trí na rialacha céanna a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais.

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid agus ar riaracháin náisiúnta?**

Meastar gur fiú EUR 85 milliún in aghaidh na bliana na glanchostais dhíreacha ar bhuiséid agus ar riaracháin náisiúnta.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Rachaidh cinntí beartais níos fearr go mór chun tairbhe don tsochaí. Tionchar mór eile is ea daonlathas níos fearr mar gheall ar dhíospóireacht phoiblí níos eolasaí.

**Comhréireacht?**

Glacann an tionscnamh cur chuige tomhaiste, rud a fhágann go mbíonn buntáistí foriomlána ann don tsochaí atá i bhfad níos mó ná na costais iomlána. Tugann sé gach cosaint a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnta.

| D. Obair leantach |
|---|
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| 5 bliana tar éis a chur chun feidhme, déanfar meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 athbhreithnithe. |